

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

**Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

TUAIRISC

**Scoil Náisiúnta Ros Dumhach
Ros Dumhach, Béal an Átha
Uimhir rolla: 12569C**

Dáta na Cigireachta: 18 Meán Fómhair 2014



AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS

AN CHIGIREACHT

Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Réamhrá

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim i Scoil Náisiúnta Ros Dumhach i Mí Meán Fómhair 2014. Tá an tuairisc seo bunaithe ar shampla de cheachtanna a breathnaíodh i raon de shuíomhanna foghlama sa scoil, caidreamh le daltaí agus athbhreithniú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le hionadaithe an bhoird agus na dtuismitheoirí, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de dhoiciméid scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Is bunscoil chomhoideachasúil í Scoil Ros Dumhach, Contae Mhaigh Eo, faoi phátrúnacht an Easpaig Chaitlicigh Cill Ala. Tháinig meath ar líon an rolla leis na blianta anuas. Tá fiche ceathair dhaltaí ar an rolla faoi láthair. Tá beirt oide sna ranganna príomhshrutha agus beirt oide oideachas speisialta lonnaithe sa scoil ar an bhfoireann. Glacann an scoil páirt i gComhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS), plean gníomhaíochta na Roinne um chuimsiú oideachasúil. Tá tinreamh na ndaltaí go maith.

Tá an scoil suite sa Ghaeltacht i dtuaisceart Mhaigh Eo. Cé go bhfuil Gaeilge sa cheantair ní thagann ach mionlach de na daltaí as teaghlach ina bhfuil Gaeilge acu mar phríomhtheanga.

Tá **láidreachtaí** ag an scoil sna gnéithe seo a leanas:

- Oibríonn na hoidí go díograiseach coinsiasach.
- Tá sár-nósanna oibre préamhaithe sna daltaí.
- Tá gnóthachtáil na ndaltaí go maith i réimse leathan curaclaim, le cuid mhór den obair ar ardchaighdeán.
- Tá caighdeán na ndaltaí sa Bhéarla an-ard.
- Tá bainistíocht agus iompar na ndaltaí ar fud na scoile an-mhaith.
- Tá an-mholadh tuillte ag bainistíocht na scoile as ucht caighdeán na cóiríochta sa scoil.

Déantar **na moltaí** seo a leanas:

- Moltar córas uile-scoile a ghlacadh maidir le cuntais mhíosúla.
- Ba chóir don scoil cóip den phlean feabhsúcháin a sholáthar don phobal scoile.
- Moltar úsáid níos minice a bhaint as an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide atá ar fáil.

Tátail

1. Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí

- Tá caighdeán na foghlama go maith ar an iomlán agus sármhaith i gcásanna. Cé gur scoil Ghaeltachta í seo, ní hí an Ghaeilge an chéad teanga a bhíonn ag tromlach de na daltaí agus iad ag tosú sa scoil. Léiríonn na daltaí sna ranganna sóisearacha tuiscint mhaith ar an teanga. Léiríonn na daltaí sna hardranganna an-mheas ar an teanga agus úsáideann siad an Ghaeilge go nádúrtha. Tá ardchaighdeán bainte amach ag na daltaí seo sa scríbhneoireacht chruthaithe Gaeilge agus sna ranganna seo, tá an obair seo comhtháite go torthúil le hachair eile churaclaim. Tá sé aitheanta ag an scoil go bhfuil gá le forbairt ó thaobh scileanna éisteachta na ndaltaí sa Ghaeilge agus is cuid den phlean feabhsúcháin na scoile dul i ngleic le seo.

- Sroicheann na daltaí ardchaighdeán sa Bhéarla. Tagann torthaí na scrúduithe caighdeánaithe le seo. Tugtar deiseanna do na daltaí a bheith ag scríobh go neamhspleách go minic agus cuirtear an-bhéim ar fhorbairt foclóra. Tá samplaí den obair scríofa inmholta a dhéanann na daltaí ar taispeáint sna seomraí ranga agus sna cóipleabhair. Tá cleachtaí scríofa na ndaltaí leagtha amach go soiléir néata.
- Léiríonn na daltaí suim sna ceachtanna matamaitice agus tá dul chun cinn cuí á bhaint amach acu san ábhar. Cuirtear béim inmholta ar theanga na Matamaitice agus ar mhataimaitic intinne.
- Sonraítear go mbíonn na daltaí tógtha leis na tascanna tugtha dóibh agus léiríonn siad spéis san obair. Baineann siad taitneamh as an gCeol agus tá réimse leathan d'amhráin agus poirt ar eolas acu.
- Tá dul chun cinn na ndaltaí le riachtanais speisialta oideachais go han-mhaith ar an iomlán. Glacann siad páirt an-ghníomhach san fhoghlaim agus is léir óna gcuid oibre go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh acu.

2. Cáilíocht an teagaisc

- Is léir go bhfuil an-díograis ag baint le teagasc tríd an scoil. Tá na hoidí dáiríre agus dúthrachtach agus iad i mbun oibre. Cothaítear suímh spreagúla foghlama sna seomraí ranga, tá flúirse áiseanna ar fáil iontu agus tá siad saibhir i bprionta agus in uimhreas. Moltar úsáid níos minice a bhaint as an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide atá ar fáil sa scoil.
- Baintear úsáid éifeachtúil as réimse leathan de mhodhanna múinte. Tugtar deiseanna fiúntacha agus minice do na daltaí gabháil don fhoghlaim neamhspleách agus don fhoghlaim comhoibríoch.
- Déantar freastal maith ar riachtanais agus ar chumais na ndaltaí uile le linn na gceachtanna trí dhifreáil éifeachtúil.
- Cuireann gach oide pleanáil chuí ar fáil don teagasc. Tá éagsúlacht le feiceáil ó thaobh nósanna chun cuntais mhíosúla a choimeád ar dhul chun cinn. Moltar córas comónta a ghlacadh maidir leis na cuntais seo.
- Sna ranganna sinsir, míníonn an t-oide foclóir nua agus frásaí nua a eascraíonn sna hábhair éagsúla ar nós Tíreolaíocht agus Eolaíocht trí úsáid a bhaint as teanga shimplí, aithnídiúil, tuairisciúil i nGaeilge. Moltar an deá cleachtas seo a úsáid sa seomra sóisear agus an t-aistriú a sheachaint.
- Tá teagasc i gcomhthéacsanna oideachais speisialta an-mhaith ar an iomlán. Tá caidreamh an-dearfach idir na hoidí agus na daltaí. Cuirtear clár luath idirghabhála i bhfeidhm go héifeachtach ag leibhéal rang na naíonán. Moltar don scoil smaoinigh faoi bhreis úsáide a bhaint as tacaíocht in-ranga mar chóras tacaíochta.

3. Tacaíocht d'fholláine na ndaltaí

- Tá bainistíocht an-chumasach á déanamh ar na daltaí. Cothaítear deá nósanna oibre iontu agus tá meas ag na daltaí ar na hoidí agus ar a chéile. Is léir óna gceistiúcháin go mbraitheann na daltaí slán sábháilte sa scoil agus go gcaitheann na hoidí go cothrom leo.
- Roinntear eolas go rialta le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn a bpáistí. Léiríonn torthaí na gceistneoirí go bhfuil na tuismitheoirí an-sásta le réimse leathan na gcúrsaí scoile; atmaisféar, bainistíocht agus teagasc san áireamh.

- Sonraítear fianaise curtha ar fáil ag an scoil go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*.

4. Ceannaireacht agus Bainistíocht

- Oibríonn an bord bainistíochta go díograiseach ar son na scoile. Feidhmíonn an bord mar ba chóir agus bíonn cruinnithe rialta ag na bail. Moltar don bhord cúig cruinnithe a bheith acu gach bliain ar a laghad
- Tá cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta in-scoile go maith. Tá an príomhoide an-díograiseach i mbun oibre agus déanann sí a dícheall i gcónaí an scoil a chur chun cinn. Tá fíis aici don scoil go bhfaigheadh gach dalta oideachas leathan trí Ghaeilge i suíomh atá spreagúil agus sábháilte.

5. Féinmheastóireacht Scoile

- Tá obair fhiúntach déanta ag an scoil ar chúrsaí fhéinmheastóireachta. Tá plean gnímh maith DEIS ag an scoil. Díríonn an plean seo ar chúrsaí tinrimh agus teagaisc agus foghlama. Tá ag éirí go maith ag an scoil na spriocanna atá aitheanta sa phlean gnímh a bhaint amach. Ba chóir don scoil cóip den phlean feabhsúcháin a sholáthar don phobal scoile. Tá sé mar aidhm ag an scoil anois scileanna éisteachta sa Ghaeilge a fheabhsú.
- Déanann an scoil measúnú rialta ar cháilíocht na foghlama sa Ghaeilge, Béarla agus Matamaitic, le scrúdaithe caighdeánaithe agus teisteanna eile. Déantar anailís chruinn ar na torthaí seo ag leibhéal ranga. Moltar don bhord a bheith chomh eolasach agus is féidir chun an próiseas féinmheastóireacht scoile a chur chun cinn.

Críoch

Tá cumas na scoile chun dul i ngleic le feabhsuithe scoile go maith.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Táimid lán sásta glacadh leis an tuairisc scoile seo atá an dearfach agus fíorálta. Sé taifid den obair iontach atá ar siúl sa scoil agus an suim atá ag na h-oidí eagsúla ionas go mbeidh forbairt iomláine í gceist do na phaistí scoile.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

- Tá an cóip den phlean feabhúscháin seolta abhaile againn chuig gach clann scoile.
- Táimid chun córas uile-scoile a ghlacadh maidir le cuntais mhíosúla.
- Béimid ag baint úsáid níos minice as an teicneolaíocht inár scoil chun cur leis an obair scoile.